Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 7 Feabhra 2022
(OR. fr)

5926/22

LIMITE

IPCR 16
AG 14
RELEX 129
JAI 131
PROCIV 8
CSDP/PSDC 50
COCON 12
COTER 33
HYBRID 9
SAN 64
MI 82
CYBER 38

PUBLIC

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | An Uachtaránacht |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Feabhas a chur ar an ullmhacht, an cumas freagartha agus an athléimneacht i leith géarchéimeanna a bheidh ann amach anseo - nóta stiúrtha |

Chun ullmhúchán a dhéanamh don Chomhairle Gnóthaí Ginearálta, gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, nóta stiúrtha maidir le feabhas a chur ar an ullmhacht, an cumas freagartha agus an athléimneacht i leith géarchéimeanna a bheidh ann amach anseo.

## UACHTARÁNACHT NA FRAINCE AR CHOMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH

**Comhairle Gnóthaí Ginearálta an 22 Feabhra 2022 - Feabhas a chur ar an ullmhacht, an cumas freagartha agus an athléimneacht i leith géarchéimeanna a bheidh ann amach anseo**

**Nóta stiúrtha**

An 23 Samhain 2021, ghlac an Chomhairle conclúidí maidir le feabhas a chur ar an ullmhacht, an cumas freagartha agus an athléimneacht i leith géarchéimeanna a bheidh ann amach anseo[1].

Thug Comhairle Eorpach an 16 Nollaig 2021[2] dá haire sna conclúidí uaithi gur 'tosaíocht mhór pholaitiúil chothrománach ag an Aontas' iad bainistiú géarchéime agus athléimneacht. D'iarr sí freisin go ndéanfaí freagairt agus ullmhacht an Aontais i gcás géarchéime a neartú trí bhíthin cur chuige 'uile-ghuaise' chomh maith leis an athléimneacht a fhothú agus a fhaireachán agus aghaidh a thabhairt ar réimsí ina bhfuilim gan chosaint. D'iarr sí ar an gComhairle leanúint dá cuid oibre.

Ag teacht sna sála ar Uachtaránacht na Slóivéine, bunaíodh meitheal ad hoc chun a áirithiú go leanfar ar aghaidh leis an obair sin. Thionóil sí an chéad chruinniú dá cuid an 4 Feabhra 2022. Scaip an Uachtaránacht ceistneoir i ndáil leis na trí shnáithe a sainaithníodh in obair na Comhairle le linn Uachtaránacht na Slóivéine: i) ullmhacht; ii) freagairt ar ghéarchéimeanna; iii) athléimneacht i leith géarchéimeanna a bheidh ann amach anseo. Cuirfidh sí achoimre ar na freagraí ó na Ballstáit i dtoll a chéile, lena gcuirfear leis an obair leantach arna déanamh sa mheitheal.

[1] Conclúidí ón gComhairle an 23 Samhain 2021 - 14276/21
[2] Conclúidí ón gComhairle Eorpach an 16 Nollaig 2021 - EUCO 22/21

Tá sé i gceist leis an bplé ag an gComhairle Gnóthaí Ginearálta treoir pholaitiúil a chur ar fáil maidir leis na saincheisteanna is tábhachtaí.

1. Maidir le hullmhacht, tá pleananna bainistithe géarchéime ag na Ballstáit uile, i bprionsabal, ar an leibhéal náisiúnta nó réigiúnach.

Sa teachtaireacht uaidh an 15 Meitheamh 2021 maidir le ceachtanna atá le foghlaim ón ngéarchéim, d'fhógair an Coimisiún go n-ullmhófaí Tuarascáil bhliantúil ar an Staid Ullmhachta lena gcumhdófar gach cineál bagartha, ní bagairtí sláinte amháin (ionsaithe ceimiceacha, bitheolaíocha, raideolaíocha, suaitheadh seismeach, tubaiste teicneolaíochta nó comhshaoil, 'lándorchuithe').

Tá dhá cheist, go háirithe, a d'fhéadfaí a ardú ar an leibhéal Eorpach: pleananna ullmhachta a fhorbairt do chineálacha éagsúla géarchéimeanna; cúlchistí straitéiseacha a bhunú, thar a bhfuil beartaithe cheana féin faoi chuimsiú RescEU nó HERA.

2. A mhéid a bhaineann le bainistiú géarchéime, luaitear i mír 15 de na Conclúidí ón gComhairle an 23 Samhain 2021 go bhfuil '*cruthaithe go maith ag na socruithe IPCR agus is ionstraim sholúbtha úsáideach iad chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin láithreacha i dtráth géarchéime. D'fhonn a áirithiú go leanfaidh sásra freagartha na Comhairle ar ghéarchéimeanna de bheith oiriúnach dá fheidhm, athbhreithneoidh an Chomhairle faoi mhí an Mheithimh 2022 an gá feabhas a chur ar na socruithe IPCR nó an gá iad a neartú, go háirithe i réimsí an réamh-mheasta agus na hullmhachta, ag glacadh leis na ceachtanna a sainaithníodh ó ghníomhachtú IPCR do ghéarchéim na himirce agus do phaindéim COVID-19, chomh maith le cleachtaí bainistithe géarchéime a rinneadh roimhe sin agus an taithí ábhartha ar leibhéal na mBallstát a bheidh le cur san áireamh sa phlé sa Chomhairle.*

Ba cheart a lua, sa chomhthéacs seo, an ról suntasach atá ag struchtúir áirithe, amhail an Lárionad Comhordúcháin Práinnfhreagartha (ERCC), a chuireann feidhm comhordúcháin oibríochtúil ar fáil go háirithe chun tacú le IPCR.

Leis an obair a dhéanfar sna seachtainí amach romhainn, ba cheart a bheith in ann féachaint ar na feabhsuithe a d'fhéadfaí a chur ar fheidhmiú shocruithe IPCR i gcomhthéacs níos leithne an bhainistithe géarchéime ar an leibhéal Eorpach.

3. Ar deireadh, maidir le h<u>athléimneacht</u>, tá cineálacha éagsúla oibre ar bun.

Ar an leibhéal reachtach, tá cruinnithe tríthaobhacha fós ar siúl i dtaca le trí théacs thábhachtacha: an Treoir maidir le hathléimneacht eintiteas criticiúil, an Treoir maidir le hathléimneacht oibríochtúil dhigiteach don earnáil airgeadais (DORA) agus an Treoir maidir le bearta chun leibhéal ard cibearshlándála a áirithiú ar fud an Aontais (NIS 2).

Maidir leis an gCoimisiún, tá clár athléimneachta á ullmhú aige. Tá spriocanna athléimneachta an Aontais de dheasca tubaiste á bhforbairt freisin i gcomhréir le reachtaíocht cosanta sibhialta bunaithe ar chásanna éagsúla a d’fhéadfadh teacht chun cinn. Ina theannta sin, seoladh Líonra Eolais Eorpach um Chosaint Shibhialta.

4. I bhfianaise an mhéid thuas, iarrtar ar na hairí freagraí a thabhairt ar na ceisteanna seo a leanas:

– Cad iad na bearta tosaíochta is ceart a dhéanamh chun feabhas a chur ar ullmhacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le bainistiú géarchéime?
– Cé chomh maith is a oibríonn IPCR? Cén dóigh ba cheart é a fheabhsú?
– An leor an obair a dhéantar ar an leibhéal Eorpach maidir le hathléimneacht? Cad iad na gníomhaíochtaí breise ba cheart a dhéanamh, más gá, go háirithe i dtaobh cibir-riosca?